Na Cnocadóirí : Dátaí dialainne: Samhradh - Fómhar 2012

A Chnocadóir, a chara,
Seo thíos liosta de na siúlóidí agus imeachtaí a bheidh ar siúl idir seo agus Deireadh Fómhair.

Siúlóidí éasca ar an Déardaoin

Tá ag éirí go geal leis na siúlóidí éasca tráthnóna Déardaoin, agus beidh trí cinn eile againn. Muna raibh deis agatsa dul amach ar cheann go fóill, bain triail astu roimh dheireadh mhí Iúil.
Tabhair ar d'aird go bhfuil an tsiúlóid a bhí beartaithe ar an Déardaoin 5 Iúil curtha ar ceal, de bharr nach bhfuil treoraí againn

12 Iúil	An Chanáil Ríoga & an Tulcha	Seán Ó Fearghail
19 Iúil	Cósta Thuaidh Bhaile Átha Cliath	Don Reilly
26 Iúil	Bré Cualann go dtí na Clocha Liatha	Bláithín Ní Liatháin

Gnáthshiúlóidí ar an Domhnach le linn mhí Iúil

Beidh dhá ghnáthshiúlóid eile ar an Domhnach againn an samhradh seo:

- ★ Dé Domhnaigh, 15 Iúil
- ★ Dé Domhnaigh, 29 Iúil.

Scaipfear sonraí agus treoracha níos gaire don am.

Sos le linn mhí Lúnasa

Glacfaimid sos le linn mhí Lúnasa. Ní bheidh siúlóidí ar an Domhnach ná ar an Déardaoin. Chinn an coiste seo a dhéanamh, mar uaireanta ní bhíonn baill an choiste ar fáil chun siúlóidí a eagrú; bíonn sé an-deacair teacht ar threoraithe; agus fiú nuair a eagraítear siúlóidí bíonn freastal an-bheag orthu. Bíonn sos ag teastáil uainn go léir agus beimid níos spreagtha ina dhiaidh.

Beárbaiciú Bliantúil an Chlub

Cuirfimid tús spleodrach leis an séasúr nua siúlóide agus spraoi le Beárbaiciú an ar an **Satharn, 1 Meán Fómhair**, agus siúlóid éasca ar an Domhnach dar gcionn. Fáilte roimh bhaill an chlub agus cairde uile na gCnocadóirí. Beidh an beárbaiciú ar siúl tráthnóna Sathairn i lár na cathrach, sa ghairdín deas atá tógtha ar chúl an tí ag Club Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair. Tá súil againn gur féidir leat bheith linn. Scaipfear tuilleadh sonraí níos gaire don am.

Séasúr nua siúlóide: Gnáthshiúlóidí an fhómhair

Cuirfimid tús leis an séasúr le **siúlóid éasca ar an Domhnach, 2 Meán Fómhair**. Fáilte faoi leith roimh chuairteoirí nó dhaoine nár bhain triail as na siúlóidí sléibhe go dtí seo. Agus ag smaoineamh orthu siúd a bheidh traochta tuirseach ón mbeárbaiciú an oíche roimh ré, tosóimid beagáinín níos déanaí ná mar is gnách.
Seo liosta iomlán de ghnáthshiúlóidí an fhómhair:

- 2, 16 agus 30 Meán Fómhair.
- 14 agus 28 Deireadh Fómhair.

Cruinniú Cinn Bliana

Reáchtálfar cruinniú cinn bliana an chlub ar an **Déardaoin, 19 Deireadh Fómhair**. Seo deis na mball tionchar a imirt ar imeachtaí agus eagrú an chlub, agus tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh freastal air. Mar sin – cuir an dáta sa dialann anois.

Le dea-mhéin,
Coiste an Chlub.